# An Gruagach

Peadar Ó Cualáin

LEABHAR BREAC

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

**www.leabharbreac.com**

An Chéad Eagrán 1999
An Dara hEagrán 2010
© Leabhar Breac 2010

ISBN 978-0-898332-49-0

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Ealaín: Darach Ó Scolaí
Dearadh agus clóchur: Caomhán Ó Scolaí

Foras na Gaeilge
Tugann Foras na Gaeilge cúnamh airgid do Leabhar Breac

Arna phriontáil ag
Clódóirí Lurgan Tta, Indreabhán, Co. na Gaillimhe

# Clár na gCaibidlí


| | |
|---|---|
| Uimhir a Dó | 9 |
| An Bhean Óg Fhionn | 15 |
| Fuadach Madraí | 20 |
| An Gruagach | 27 |
| An Lána Rúnda | 32 |
| Na Búistéirí | 37 |
| Turas san Oíche | 45 |
| I nGreim | 51 |
| Na Madraí | 57 |

# 1

## Uimhir a Dó

Ar Shráid an Gheata Bhig, idir Sráid an Iarla agus Bóthar Naomh Iósaf, tá teach dhá stór liath a bhfuil doras beag dearg air agus díon cam slinne crochta anuas thar na trí fhuinneog atá in uachtar an tí.

Is ann atá cónaí ar an nGruagach.

Ó fhuinneog mo sheomra féin ar Shráid an Iarla tá amharc glan agam ar theach an Ghruagaigh, agus ar dhuine ar bith a théann isteach nó a thagann amach an doras dearg.

Sa bhácús a bhí mé an chéad lá ar leag mé súil air. Ar mo bhealach abhaile tar éis na scoile dom, sheas mé ag Bácús Uí Chianáin le builín aráin a cheannach do mo mháthair. Bhí an builín faoi m'ascaill agam, agus mé ar tí imeacht, nuair a d'oscail an doras.

Líon fear mór dubh an doras. Bhí sé ard, beagáinín cromtha, guaillí móra leathana air, agus gruaig fhada dhubh slíoctha siar aige agus í ceangailte ar chúl a chinn. Sheas sé isteach le mo thaobh agus rinne sé meangadh liom, gur nocht draid fiacla móra bána. Chúb mé mo shúile go faiteach uaidh, ach, le fiosracht, d'fhan mé sa siopa, ag ligean orm féin gur ag breathnú ar na cácaí milse faoi phána gloine an chuntair a bhí mé.

Bheannaigh Bean Uí Chianáin don fhear mór dubh agus d'fhiafraigh sí de céard a

bhí uaidh. D’fhreagair sé go béasach í de ghlór toll domhain.

‘Trí bhuilín, a bhean uasail, agus cáca beag seacláide le huachtar don ghasúr deas seo.’ Bhreathnaigh mé go cúthail air, agus bhreathnaigh seisean anuas thar a shrón fhada cham orm, a shúile geala gorma ag lasadh go hábhailleach faoina mhalaí móra tiubha. ‘Is maith le buachaillí cácaí seacláide, nach maith?’

‘Is maith, a dhuine uasail,’ arsa mise.

D’fhiafraigh sé díom cén t-ainm a bhí orm agus d’inis mé dó.

‘Mártan?’ ar sé. ‘Ainm breá.’

Ghlac mé buíochas leis, agus an cáca á shíneadh aige chugam i mála donn páipéir.

Bheannaigh sé féin agus Bean Uí Chianáin dá chéile, agus d’imigh sé leis amach an doras.

Bhí mé ar tí é a leanúint amach nuair a stop Bean Uí Chianáin mé. 'Hóra,' a deir sí, agus sháigh sí a srón fhada ghobach amach thar an gcuntar. Thug sí féachaint ghéar orm trína spéacláirí beaga tiubha. 'Nach ndúirt do mháthair leatsa gan rud ar bith a thógáil ó strainséirí?'

Dúirt mé léi go ndúirt, agus an mála fáiscthe le mo chliabhrach i ngreim teann daingean agam.

'Ba cheart duit a bheith níos cúramaí,' ar sí. 'D'fhéadfadh an gruagach sin thú a bheith sciobtha leis aige agus ní bheadh tásc na tuairisc go deo arís ort. Sciobtha leis, a deirim! Abhaile leat anois nó beidh do mháthair ag déanamh imní fút. Agus bí aireach!'

Bhí mé imithe amach doras an bhácúis agus Bean Uí Chianáin fós ag fógairt i mo dhiaidh. Bhreathnaigh mé suas síos an

tsráid ach ní raibh amharc ar bith ar an bhfear dubh — ar an nGruagach.

Bhí madraí ag tafann.

Rith mé síos chomh fada leis an siopa búistéara ar choirnéal Shráid an Gheata Bhig agus bhreathnaigh mé síos an tsráid. Is ann a bhí sé. Bhí sé ina sheasamh taobh amuigh d'Uimhir a Dó, agus an doras dearg á oscailt aige. Stop sé nuair a chonaic sé mé, thaispeáin a dhraid mhór bhán arís dom, d'oscail an doras agus d'imigh leis isteach.


Go tobann líonadh an t-aer le grágáil shlóchtach agus le sciatháin dhubha. Bhí na scórtha caróg ag guairneáil i mo thimpeall. D'ardaigh mé mo lámh go sciobtha le mo shúile a chosaint, agus lig mé béic asam. Ansin, chomh tobann céanna, d'éirigh na héin in airde san aer agus d'eitil siar as amharc thar dhíonta

na dtithe. Bhí Bean Uí Chianáin ina seasamh i ndoras an bhácúis ag stánadh go géar orm.

# 2
# An Bhean Óg Fhionn

Níos deireanaí an tráthnóna sin agus mé thuas i mo sheomra, d'ith mé mo cháca seacláide agus mé ag breathnú amach ar an tsráid, ag féachaint an bhfaighinn amharc ar bith eile ar an nGruagach. Níor imigh lá ina dhiaidh sin nach mbínn ag faire amach dó ar an tsráid.

Go deimhin, d'athraigh mé mo leaba thart i mo sheomra ionas go mbeadh amharc glan ar dhoras dearg an tí agam nuair a bhínn ag léamh ar mo leaba, nó



nuair a bhíodh mo chuid obair bhaile á déanamh agam.

Is ar an gcaoi sin a chuir mé eolas ar an gcailín—nó ar an mbean. Gach uile lá, tamall gairid tar éis na scoile, d'fhágadh bean óg fhionn teach an Ghruagaigh agus ciseán ar iompar aici. D'fhilleadh sí arís thart ar a cúig nó a sé, agus a ciseán lán tar éis na siopadóireachta. Thart ar chúig

bliana fichead a bhí sí, beag agus tanaí. Bhí gruaig fhada fhionn uirthi, í ceangailte ina thrilseáin uaireanta, nó ligthe anuas go scaoilte thar a droim. Le hais an Ghruagaigh, ba gheall le haingeal í.

Uair amháin lean mé síos í chomh fada le bun Bhóthar Naomh Iósaf agus chonaic mé ag imeacht ar bhus na cathrach í. B'in é an uair a goideadh an madra béal dorais. An lá sin bhí sí ag siúl síos Bóthar Naomh Iósaf agus mise ag siúl ina diaidh nuair a stop sí go tobann. Bhí sé thart ar a leathuair tar éis a trí agus mo mhála scoile fós ar mo dhroim agam. Ar fhaitíos go n-iompódh sí thart agus go bhfeicfeadh sí mé, chrom mé isteach taobh thiar de veain beag gorm. Chomh luath agus a chuaigh mé in aice leis an veain thosaigh amhastraíl agus glamaíl uafásach madraí. As cúl an

veain a bhí an torann ag teacht. Leis sin, tosaíodh an t-inneall agus thiomáin an veain amach ar an mbóthar. Fágadh mise i mo staic ag breathnú i ndiaidh an veain agus í ag imeacht síos an bóthar, agus an bhean óg fhionn agus triúr nó ceathrar eile a bhí ag dul in airde ar an mbus ag breathnú go hamhrasach orm.

Nuair a tháinig mé abhaile chuig mo bhéile an tráthnóna sin bhí Tomás Ó Conaire, ár gcomharsa béal dorais, ina shuí sa chistin romham ag ól tae le mo mháthair. Bhí an chuma orthu gur ag fanacht liomsa a bhí siad.

'An bhfaca tú Cleasaí ar do bhealach abhaile?' a d'fhiafraigh mo mháthair díom.

Madra mhuintir Chonaire béal dorais a bhí i gCleasaí — brocaire beag albanach, ar thug mé cnámha go minic chuige, nó

brioscaí ar chúla téarmaí, agus a sheasadh ar a chosa deiridh dom.

Dúirt mé nach bhfaca mé an madra, agus d'fhiafraigh mé díobh céard a bhí tarlaithe dó.

'Tá sé imithe ó mhaidin,' arsa Tomás.

Ansin chuimhnigh mé ar a bhfaca mé an tráthnóna sin agus shamhlaigh mé gur aithin mé glam chráite Chleasaí ag teacht as an veain. D'inis mé an scéal dóibh, gan an bhean óg fhionn a lua, ar ndóigh.

'Sin é an faitíos a bhí orm,' ar sé. 'Tá duine éigin ag fuadach madraí sa cheantar.'

Gheall mé dó go gcoinneoinn súil amach dó, agus go n-inseoinn dó dá bhfeicfinn an veain arís.